2. Aonaid gheografacha agus aonaid riaracháin na tíre

Aonaid gheografacha agus aonaid riaracháin na tíre

- Is iomaí cineál logainm atá ann. Tagraíonn cuid acu d'áiteanna tábhachtacha ar nós contae nó cathair agus tagraíonn cuid eile acu d'áiteanna beaga ar nós bóithrín nó páirc.
- Is iad na cineálacha logainmneacha seo a leanas na cinn is tábhachtaí ó thaobh cúrsaí riaracháin de agus tugtar 'aonaid riaracháin' orthu: na cúigí, na contaetha, na barúntachtaí, na paróistí dlí na bailte fearainn, na contaetha riaracháin agus na toghranna.
  Féach sainmhínithe ar na hainmneacha riaracháin ar www.logainm.ie ag an nasc seo:
  http://www.logainm.ie/Info.aspx?menuItem=about&contentTitle=help.categs
- Tá ordlathas ag baint leis na haonaid riaracháin .i. is é an cúige an t-aonad is mó, tagann an contae sa dara háit, tagann an bharúntacht sa tríú háit, tagann an paróiste sa cheathrú háit agus is é an baile fearainn an ceann is lú. Bíonn bailte fearainn suite taobh istigh de pharóistí, paróistí taobh istigh de bharúntachtaí, barúntachtaí taobh istigh de chontaetha agus contaetha taobh istigh de chúigí. Tá léaráid de struchtúr riaracháin na tíre ar logainm.ie ag an nasc seo ar logainm.ie:
- Gaeilge: http://www.logainm.ie/eolas/Data/Brainse/struchtur-riarachain-na-tire-ga.jpg
- Béarla: http://www.logainm.ie/eolas/Data/Brainse/struchtur-riarachain-na-tire-en.jpg
- Tá 4 chúige, 32 contae, 345 barúntacht, 2,400 paróiste dlí agus breis is 60,000 baile fearainn sa tír.
- Is é an baile fearainn an bunaonad riaracháin in Éirinn mar gurb é an t-aonad riaracháin is lú é agus mar sin is féidir gach píosa talaimh in Éirinn a shuíomh i mbaile fearainn éigin (seachas oileáin bheaga agus ceantair a bhfuil líon mór daoine ina gcónaí iontu).
- Tagann an focal 'cúige' ón bhfocal Gaeilge 'cúigiú' (one fifth). Bhí cúig chúige ar oileán na hÉireann go stairiúil: Ulaidh, Connachta, Mumhain, Laighin agus an Mhí. Níl an Mhí againn mar chúige a thuilleadh. I gcúige na Mí bhí Co. na Mí, Co. na hIarmhí agus codanna de chontaetha eile. Féach nóta mínithe faoi seo ag an nasc seo a leanas:

  http://www.logainm.ie/100024.aspx
- Sa bhreis ar na hainmneacha riaracháin tá na mílte logainm eile sa tír. Tugtar 'aonaid gheografacha' agus 'mionainmneacha' ar logainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad. Ina measc sin tá ainmneacha na n-ionad daonra (mar shampla bailte, sráidbhailte agus dúichí), ainmneacha gnéithe fisiciúla (mar shampla lochanna, aibhneacha, bánna, cinn tíre, oileáin, sléibhte, cnoic), agus ainmneacha gnéithe saorga, is é sin gnéithe a thóg daoine ó am go ham (mar shampla liosanna, séipéil, mainistreacha, reiligí, droichid, crosbhóithre). Tá líon mór ainmneacha ag gabháil le gach ceantar in Éirinn.

2. Aonaid gheografacha agus aonaid riaracháin na tíre

Contaetha agus bailte na hÉireann

Seo a leanas liosta de na contaetha in Éirinn briste síos de réir cúigí, a mbríonna agus samplaí de chuid de na bailte atá iontu.

Gaeilge	Béarla	Brí an logainm	Samplaí de bhailte sna contaetha
Cúige Uladh			
Aontroim	Antrim	áitreabh aonair	Béal Feirste An Baile Meánach
Ard Mhacha	Armagh	an áit ard a raibh cónaí ar an mbanríon Macha	Port an Dúnáin Crois Mhic Lionnáin
An Cabhán	Cavan	an log	Achadh an Iúir Béal Átha Conaill
Doire	Derry	coill darach	Cúil Raithin Machaire Fíolta
Dún na nGall	Donegal	dún na n-eachtrannach	Leitir Ceanainn Carn Domhnach
Fear Manach	Fermanagh	ainm cine/treibhe - pobal Mhanaigh	Inis Ceithleann Lios na Scéithe
Muineachán	Monaghan	áit a bhfuil go leor mothar le fáil	Carraig Mhachaire Rois Baile na Lorgan
Tír Eoghain	Tyrone	talamh ainmnithe as Eoghan, mac le Niall, rí Uladh	An Ómaigh Dún Geanainn
An Dún	Down	an dún	An tlúr An Caisleán Nua
Cúige Laighean			
An Iarmhí	Westmeath	an chuid iartharach den Mhí	An Muileann gCearr Baile Átha Luain
An Mhí	Meath	an lár	An Uaimh Ceanannas Dún Búinne
Baile Átha Cliath	Dublin	áth treisithe le cliatha	Droim Conrach Glas Naíon Dún Laoghaire Cill Fhionntain An Chabrach Tamhlacht
Ceatharlach	Carlow	áit na n-eallaí, na mbólachtaí	An Tulach Ráth Bhile
Cill Chainnigh	Kilkenny	séipéal Naomh Cainneach	Cnoc an Tóchair Baile Mhic Andáin

2. Aonaid gheografacha agus aonaid riaracháin na tíre

Cill Dara	Kildare	séipéal an chrainn darach	An Nás Droichead Nua Baile Átha Í Cill Choca
Cill Mhantáin	Wicklow	séipéal Naomh Mantán	An tInbhear Mór Bré Na Clocha Liatha
Laois	Laois	ainm cine	Port Laoise Cúil an tSúdaire
Loch Garman	Wexford	inbhear an ghuaire?	Inis Córthaidh Ros Láir Currach Cló
An Longfort	Longford	an longfort	Baile Uí Mhatháin Gránard
Lú	Louth	ní léir an bhrí	Droichead Átha Dún Dealgan Baile Átha Fhirdhia
Uíbh Fhailí	Offaly	ainm cine - sliocht Fhailghe	Tulach Mhór Éadan Doire An Féar Bán
Cúige Chonnacht			
Gaillimh	Galway	ainm abhann chlochach	Béal Átha na Sluaighe An Cheathrú Rua Camas
Liatroim	Leitrim	liath + droim .i. an droim liath	Cluainín Cora Droma Rúisc
Maigh Eo	Mayo	má na n-iúr	Caisleán an Bharraigh Cathair na Mart Clár Chlainne Mhuiris
Ros Comáin	Roscommon	coill Chomáin	An Caisleán Riabhach Bealach an Doirín
Sligeach	Sligo	áit na sliogán/ainm abhann sligeach	Achadh Conaire Droim Chliabh
Cúige Mumhan			
An Clár	Clare	an mhá, an clár adhmaid	Inis Cill Rois Lios Dúin Bhearna

2. Aonaid gheografacha agus aonaid riaracháin na tíre

Ciarraí	Kerry	ainm cine - ríocht Chiar	Trá Lí Cill Airne Lios Tuathail An Daingean
Corcaigh	Cork	riasc	Mainistir Fhear Maí Mala Cionn tSáile An Cóbh
Luimneach	Limerick	áit chlúdaithe (ainm inbhear na Sionainne i dtosach)	Áth Dara Mainistir na Féile An Caisleán Nua
Port Láirge	Waterford	bruach na ceathrún	Dún Garbhán Lios Mór Trá Mhór
Tiobraid Árann	Tipperary	tobar Ára	An tAonach Ros Cré Carraig na Siúire Caiseal

Féach ar ainmneacha na gcontaetha ar na léarscáileanna stairiúla d'Éirinn atá ag na naisc seo a leanas ar logainm.ie. Tá na hainmneacha sa seanchló Gaelach agus sa seanlitriú ar cheann amháin de na léarscáileanna.

http://www.logainm.ie/eolas/Data/Brainse/eire-colour.jpg

http://www.logainm.ie/eolas/Data/Brainse/eire.jpg

Freagair na ceisteanna/Líon na bearnaí

1. Cén cúige ina bhfuil cónaí ort?

.....

2. Cén contae ina bhfuil cónaí ort?

.....

3. Luaigh na contaetha eile atá teorannach le do chontae.

.....

4. Luaigh an baile is cóngaraí duit.

.....

5. Cuir na haonaid riaracháin sa tábla in ord méide. Tá an chéad cheann déanta, .i. is é an cúige an t-aonad riaracháin is mó.

baile fearainn barúntacht contae cúige paróiste

1. cúige
2.
3.
4.
5.

6. Cé mhéad cúige atá ar oileán na hÉireann? Scríobh anseo iad.

.....

7. Cé mhéad cúige a bhí ann go stairiúil?

.....

8. Cé mhéad contae atá ar oileán na hÉireann?

.....

9. Cé mhéad baile fearainn atá ar oileán na hÉireann?

.....

10. Cén t-ainm a thugtar ar aonaid nach aonaid riaracháin iad?

.....

CEACHTANNA

11. Tá an t-alt (.i. ‘an’) roimh 6 cinn de na contaetha. Céard iad? Tá an chéad cheann déanta.

1. **An** Cabhán
2.
3.
4.
5.
6.

13. Cén contae ina bhfuil **Béal Feirste** / *Belfast*?

.....

14. Cén contae ina bhfuil **Ros Láir** / *Rosslare*?

.....

15. Cén contae ina bhfuil **Cathair na Mart** / *Westport*?

.....

16. Cén contae ina bhfuil **Lios Dúin Bhearna** / *Lisdoonvarna*?

.....

17. Scríobh na contaetha atá ar theorainneacha Loch nEathach?

.....

18. Tá naoi gcontae in Éirinn a bhfuil ainm duine nó ainm cine ina n-ainmneacha. Scríobh na contaetha sin. Tá an chéad cheann déanta.

Ard Mhacha

An ceann ‘corr’

Aimsigh an ceann ‘corr’. Abair cén fáth a bhfuil sé ‘corr’. Tá an chéad cheann déanta duit.

1. Aontroim, An Cabhán, An Dún, Baile Átha Cliath

Freagra = Baile Átha Cliath mar tá sé i gCúige Laighean agus tá na contaetha eile i gCúige Uladh.

2. Gaillimh, An Iarmhí, Cill Chainnigh, Cill Dara:

.....

3. Ciarraí, Tiobraid Árann, Sligeach, Port Láirge:

.....

4. Béal Feirste, Port an Dúnáin, Leitir Ceanainn, An Muileann gCearr:

.....

5. An Cheathrú Rua, Cathair na Mart, Béal Átha na Sluaighe, Lios Dúin Bhearna:

.....

6. Bré, An Daingean, Cionn tSáile, Carraig na Siúire:

.....

Léamhthuiscint

Léigh an t-alt nuachtáin faoi chontae na Mí ag an nasc seo a leanas:

http://www.logainm.ie/100024.aspx

Chun an t-alt nuachtáin a oscailt cliceáil ar an nasc 'taifid scanáilte' atá faoin teideal 'Taifid chartlainne'.

Tá roinnt logainmneacha Béarla luaite san alt. Cuardaigh ar www.logainm.ie iad chun na leaganacha Gaeilge a aimsiú. Cuir na logainmneacha Gaeilge sa tábla thíos. Tá ceann amháin déanta.

Leid: Uaireanta bíonn an logainm céanna ag níos mó ná áit amháin sa tír. Bí cinnte go roghnaíonn tú an logainm ceart ó liosta na dtorthaí ar www.logainm.ie. Mar shampla, má chuardaíonn tú *Laytown*, gheobhaidh tú dhá thoradh mar go bhfuil dhá áit sa tír darb ainm *Laytown*: **Baile an Lígh** / *Laytown* i gcontae Bhaile Átha Cliath agus **An Inse** / *Laytown* i gcontae na Mí. Ar ndóigh is é **An Inse** / *Laytown* i gcontae na Mí atá de dhíth ort don cheacht thíos.

Logainm Béarla	Logainm Gaeilge
Meath	
Delvin River	
River Boyne	
Mosney	
River Nanny	
Laytown	An Inse
Bettystown	
Tara	
Mornington	
Lady's Finger	